

## Ceacht Líníochta le Ranganna 5 go dtí 6 'Maisigh Leabhar Cócaireachta'

Gemma Mc Girr

**Snáth Curaclaim:** Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 66)

**Cuspóir:** *Téamaí samhlaíocha a líníú ag úsáid patrún agus sonra airgtheach (lch. 66)*

**Nasc:** **Péint agus Dath** > An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid léiritheach a bhaint as dath (Lch. 68)

### Féidearthachtaí Imeasctha:

*SPHE: Freagracht áirithe phearsanta a thuiscint agus a ghlacadh maidir le roghanna stuama bia a dhéanamh agus beathú sláintiúil cothrom a ghlacadh (lch. 57)*

*Béarla: Scríobh i réimse leathan seánraí (lch. 55)*

*Eolaíocht: Tuiscint shimplí faoi bhia agus faoi chothú a fhorbairt (lch. 83).*

*Tíreolaíocht: Trí staidéar a dhéanamh ar chuid de thráchtarraí móra na cruinne, saincheisteanna trádála a fhiosrú (lch. 77)*

*Matamaitic: (1) Uirlisí oiriúnacha tomhais a roghnú agus a úsáid (meáchan agus toilleadh) (lch. 105)*

*(2) Tomhais méachain a athainmniú (lch. 105)*

### An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

**Ábhair Riachtanacha:** Páipéar Líníochta  
Pinn Luaidhe (2B, 4B)  
(Roghnach: Pinn luaidhe daite, criáin, pastail, marcóirí)

**Spreagadh:** “Féach ar roinnt leabhair chócaireachta. An bhfuil an maisiú céanna déanta orthu go léir? An bhfuil líníochtaí in aon cheann acu nó an bhfuil siad uile lán de ghrianghraif? An meallfadh siad tú chun na hoidis a thriail? An féidir leat smaoineamh ar léaráidí eile a d’fhéadfaí a úsáid? Cad faoin gcistin, an cócaire, na huirlisí? Cad a cheapann tú atá ag tarlú sa chistin agus na béilí seo á gcócaráil? Samhlaigh aghaidh an chócaire agus cuid de na miasanna seo á mblaiseadh aige/aici! Samhlaigh na radharcanna sa chistin agus na comhábhair á mbualadh, á mionghearradh, á meascadh!”

**Gníomhaíocht 1:** Roghnaíonn na leanaí oideas nó cumann siad ceann agus priontálann siad as an ríomhaire é, ag dearadh leagan amach na leathanach iad féin.

**Gníomhaíocht 2:** Maisíonn na leanaí an leathanach, ag léiriú a bhfuil ag tarlú dar leo sa chistin agus an t-oideas atá roghnaithe acu á dhéanamh. D’fhéadfaí na léaráidí a chur ar imill an leathanaigh, nó más mian leis na leanaí, d’fhéadfaí iad a chur ar leathanach ar leith.

### **Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun a bheith chomh cruthaitheach agus chomh samhlaíoch agus is féidir leo, agus tuiscint den spraoi a thabhairt chun na hoibre. Nuair a bhíonn siad réidh, féadfaidh na leanaí a n-ainm a shíniú ar a gcuid leathanach agus dáta a chur orthu mar a dhéanann ealaíontóir! Is féidir leo a gcuid líníochtaí a thaispeáint agus a phlé i ‘gCathaoir an Ealaíontóra’. Cuir saothar na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagartha do mhaisitheoirí ar nós Quentin Blake, Shirley Hughes agus Tony Ross.

**Gníomhaíochtaí Breise:**

B'fhéidir gur mhaith leis na leanaí tabhairt faoin ngníomhaíocht seo mar cheacht ar leith i líniócht chartúin. Féadfadh siad an téama a athrú, Lámhleabhar Déan Féin É (DIY) b'fhéidir. Tuigfidh siad chomh tábhachtach is atá sé amharc go géar ar ábhar agus go bhfuil cartúin bunaithe ar líniócht ó bhreathnú.

(Má tá fonn eachtraíochta ort, d'fhéadfá triail a bhaint as cuid de na hoidis leis an rang i gcistin na scoile!)

**Féidearthachtaí TCF:** D'fhéadfaí na hoidis agus na línióchtaí a scanáil isteach sa ríomhaire agus a phriontáil agus a cheangal mar 'Leabhar Cócaireachta Ranga', a d'fhéadfaí a úsáid mar fhéiríní nó chun airgead a bhailiú.

**Ag baint úsáide as an DVD**

**Is Ealaíontóir mé:** Tugann na cláir Líniócht ar an DVD deiseanna chun éisteacht le leanaí ag freagairt dá saothair féin i 'gCathaoir an Ealaíontóra'.

**Nótaí Eile:** Is cleachtadh an-mhaith é seo chun leanaí a chur ag smaoineamh faoi théacs an ruda atá á scríobh acu agus é a shamhlú i bhfoirm phictiúrtha.

**Ealaíontóirí Ábhartha:** Quentin Blake  
Shirley Hughes  
Shel Silverstein  
Tony Ross

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Suíomh Idirlín Oifigiúil Quentin Blake  
<http://www.quentinblake.com/about/interview3.html>

Leabhair a mhaisigh Tony Ross  
[http://www.encompassculture.com/encompass/magic\\_pencil/?S=Tony%20Ross](http://www.encompassculture.com/encompass/magic_pencil/?S=Tony%20Ross)

Clúdach an leabhair The Mary Frances Cook Book *Adventures Among the Kitchen People*  
[http://digital.lib.msu.edu/projects/cookbooks/images/books/400w/book64\\_cover.jpg](http://digital.lib.msu.edu/projects/cookbooks/images/books/400w/book64_cover.jpg)